chuairt Stáit trí lá in éineacht le hUachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn. Tugadh léargas cuimsitheach do na haionna agus do chonsalachtaí na Gearmáine agus na Fraince ach go háirthe ar obair iomlán na heagraíochta agus deiseanna comhpháirtíochta i bhforbairt na Gaeltachta.

Lean ballraíocht an Údarás san AER agus in ERNACT, a thugann deis leanúnach do na moil gteic agus comhlachtaí ábhartha Gaeltachta teacht ar shaineolas idirnáisiúnta agus tionscnaimh trasnáisiúnta le régiún eile na hEorpa.

### Feachtas Filleadh Abhaile Chonamara Láir

D'éirigh thar cionn leis an bhfeachtas Filleadh Abhaile Chonamara Láir a réachtáil Forbairt Chonamara Láir agus Údarás na Gaeltachta i gcomhar le Aniar TV agus LORG Media. D'fhéach an feachtas le daoine a mhealladh chun dul i mbun cóinéithe agus i mbun oibre sa gceantar agus a gclann a thógáil ann chomh maith. Chuir na meáin an-suim sa bhfeachtas ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus bhí os cionn 120 fiosrúchán athlonnaithe agus léirithe spéise dá bharr. D'éirigh leis an bhfeachtas Gradam Cumarsáide Oireachtas na Gaeilge do fleachtas Meán Sóisialta na Blíana 2021 a bhaint amach.

### Páirc na Mara

Cuireadh achomharc cuimsitheach maidir leis an iarratas pleáinála diúltaithe do thogra suntasach Pháirc na Mara faoi bhráid An Bord Pleanála i rith 2021. Bunaíodh Nua na Mara, ionad forbartha agus nuálaíochta mara (MIDC Pháirc na Mara roimhe seo) go hoifigiúil i rith 2021 le tacaíocht

Michael D. Higgins. The guests and consulates of Germany and France were given a comprehensive overview of the organisation's work and partnership opportunities in developing the Gaeltacht.

Údarás na Gaeltachta's membership in AER and ERNACT continued, giving the gteic hubs and relevant Gaeltacht bodies an ongoing opportunity to access international expertise and transnational initiatives with other European regions.

### Conamara Láir's Filleadh Abhaile Campaign

Forbairt Chonamara Láir and Údarás na Gaeltachta in conjunction with Aniar TV and LORG Media had a very successful Filleadh Abhaile campaign in 2021. The campaign sought to encourage people to live and work in the area and to raise their family there. Local, national and international media took a great interest in the campaign which led to over 120 relocation inquiries and expressions of interest. The campaign was successful in winning the Oireachtas na Gaeilge Communications Award for Social Media Campaign of the Year 2021.

### Páirc na Mara

A comprehensive submission was made to An Bord Pleanála during 2021 regarding the rejected planning application for the Páirc na Mara project, a significant project for Údarás na Gaeltachta.

Nua na Mara (previously MIDC Pháirc na Mara), the development and innovation centre, was officially opened

maoinithe €2m ón gCiste um Fhorbairt Fiontraíochta Réigiúnaí. Fostaíodh bainisteoir forbartha gnó ar an ionad i rith na bliana agus tacóidh an tionscnamh go mór le comhlachtaí mara bunú agus forbairt a dhéanamh sa nGaeltacht agus forbairt an gheilleagair ghoirm ar fud na Gaeltachta.

### Turasóireacht

Bhí titim shuntasach ar an bhfostaíocht in earnáil na turasóireachta anuraidh, de bharr ghéarchéim COVID-19 agus cé go bhfuil feabhas beag tagtha ar chúrsaí i rith 2021 níl aon téarnamh suntasach déanta ag an earnáil go fóill mar a bheiffí ag súil leis go dtí go n-ardófar srianta COVID-19.

Eagraíodh sraith imeachtaí ar-líne i rith na bliana chun freastal ar sprioc ghrúpaí san earnáil turasóireachta, ina measc turasóireacht na mara, ionaid cuairteoirí agus forbairt eispéiris do chuaireoirí.

Sheol Fáilte Éireann Plean Forbartha Eispéiris do Chuan Mó a raibh an tÚdarás páirteach ina forbairt agus beidh an eagraíocht lárach i bhfeidhmiú an phlean sin.

Osclaíodh dhá ionad turasóireachta in 2021 le tacaíocht an Údarás, Folcadáin Feamainne in ionad na Feamainne, Leitir Mealláin agus Teach Solais an Fhóid Dhuibh ar an Eachlém agus d'éirigh thar barr leo beirt i rith an tsamhraidh.

Ghlac an tÚdarás agus gnóthaí pobalbhunaithe Gaeltachta páirt i gClár Forbartha Turasóireacht Chultúrtha i gcomhar

in 2021 with the help of funding from the Regional Enterprise Development Fund. The Centre recruited a business development manager during the year and it is expected that Nua na Mara will be a great support to businesses wishing to locate in the Gaeltacht and to the development of the blue economy more generally.

### Tourism

There was a significant drop in employment in the tourism sector last year, due to the COVID-19 crisis and although things have slightly improved during 2021 the sector has not yet made a significant recovery as expected until restrictions of COVID-19 will be lifted.

A series of online events were organized throughout the year to meet target groups in the tourism sector, including marine tourism, visitor centres and visitor experience development.


Fáilte Éireann launched an Experience Development Plan for Cuan Mó which Údarás na Gaeltachta was involved in developing, and the organisation will be central to the implementation of that plan.

Two tourist centres were opened in 2021 with the support of Údarás na Gaeltachta, Seaweed Baths in ionad na Feamainne, Letter Mealláin and the Blacksod Lighthouse in Eachlém and they were both very successful during the summer.

Údarás na Gaeltachta and Gaeltacht community-based businesses participated in the Cultural Tourism

le gnóthaí pobalbhunaithe in Albain agus féachfar le tógáil ar na deiseanna seo i rith 2022.

Táthar ag súil Scéim Forbartha Turasóireachta a fhogaírt go luath in 2022 a thiocfaidh in áit na scéime piolótaí a bhí ann ó 2018. Beidh an scéim seo thírithe ar thograí suntasacha pobalbhunaithe (ionaid Cuartaíochta agus Gréasáin Turasóireachta) agus cuirfear tacaíocht de €30,000 sa mbliaín ar fáil d'íarratais ó 12 togra rathúil chun Oifigeach Turasóireachta a fhostú ar feadh tréimhse suas go 2 bliain. Beidh clár oiliúna sainiúil á chur ar fáil don ghréasán oifigigh turasóireachta a bheidh fostaithe faoin scéim.



Development Programme in collaboration with community-based businesses in Scotland and will look to build on these opportunities during 2022.

It is expected that a Tourism Development Scheme will be announced early in 2022 which will replace the pilot scheme that has existed since 2018. This scheme will focus on significant community-based projects (Visitor Centres and Tourism Websites) and will receive support of €30,000 per year receiving applications from 12 successful proposals to hire a Tourism Officer for a period of up to 2 years. A specific training programme will be made available to the network of tourism officers who will be employed under the scheme.



Údarás na  
Gaeltachta

Athbhreithniú ar 2021:  
**Pleanáil Teanga agus Forbairt Pobail**  
Review of 2021:  
Language Planning and Community Development



## Pleanál Teanga agus Forbairt Pobail

### An Próiseas Pleanála Teanga

Faoi Acht na Gaeltachta, 2012, tugadh feidhm reachtúil don Údarás maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030. Cuireann An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGS&M) soláthar maoinithe ar fáil d'Údarás na Gaeltachta le cur ar a chumas an próiseas pleanála teanga a chur i bhfeidhm sa nGaeltacht. As an soláthar sin cuireann an tÚdarás maoiniú ar fáil do Cheanneagraíochtaí atá i mbun pleananna teanga a fheidhmiú sna Limistér Pleanála Teanga agus sna Bailte Seirbhise Gaeltachta atá faoina chúram.

Ceadaíodh 6 phlean teanga le linn 2021, rud a chiallaigh go raibh pleananna teanga ceadaithe do 25 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) as na 26 LPT atá sainitheanta faoi dheireadh na bliana sin. Maidir leis an 3 Bhaile Seirbhise Gaeltachta (BSG) atá sainitheanta sa Ghaeltacht, bhí pleananna teanga ceadaithe do BSG Daingean Uí Chúis agus BSG An Clochán Léith. Bhí soláthar iomlán de €2.86 milliún ceadaithe d'fheidhmiú na bpleananna teanga sin. Bhí an plean teanga do LPT Oileán Árann ullmaithe agus faoi bhráid na RTCEGS&M ag fanacht ar chead an Aire.

Faoi dheireadh 2021 bhí pleananna teanga á bhfeidhmiú in 20 LPT agus bhí 19 Oifigeach Pleanála Teanga agus ceathrar Oifigigh Cúnta Pleanála Teanga fostaithe agus

## Language Planning and Community Development

### The Language Planning Process

Under the Gaeltacht Act 2012, Údarás na Gaeltachta was given statutory responsibility in relation to the implementation of the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010 - 2030. The Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media (DTCAGSM) provides funding to Údarás na Gaeltachta to implement the language planning process in the Gaeltacht. From that provision Údarás na Gaeltachta funds Lead Organisations overseeing the language plans in Language Planning Areas and in Gaeltacht Service Towns.

A total of 6 language plans were approved during 2021, which meant that language plans were now approved for 25 Language Planning Areas (LPAs) of the 26 identified LPAs by the end of the year. With regard to the 3 Gaeltacht Service Towns (GSTs) identified in the Gaeltacht, language plans were approved for GST Daingean Uí Chúis and GST An Clochán Liath during the year. A total provision of €2.86 million was approved for the implementation of these plans. The language plan for LPA Oileán Árann was prepared and submitted to the DTCAGSM pending the Minister's approval.

By the end of 2021, language plans were being implemented in 20 LPAs and 19 Language Planning Officers and four Assistant Language Planning Officers

cúram orthu na pleananna sin a chur i bhfeidhm ina Limistér cuí. Bhí infheistíocht iomlán de €2.2m i gceist le cur i bhfeidhm na bpleananna teanga sin.

### Cur i bhfeidhm na bpleananna teanga le linn 2021

Don dara bliain as a chéile, chuir na srianta a tháinig i bhfeidhm de thairbhe an víreas COVID-19 isteach ar chláir oibre agus ar na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe ag na ceanneagraíochtaí pleanála teanga mar chuid d'fheidhmiú na bpleananna teanga le linn 2021.

Sin ráite, d'éirigh leis na ceanneagraíochtaí roinnt mhaith bearta a fheidhmiú le húsáid na Gaeilge a chothú agus a spreagadh i measc a bpobal. Eagraíodh feachtas agus imeachtaí fiorúla a bhí dírithe ar naics, ar cheangal agus ar chaidrimh rialta a chothú lena bpobal agus chuidigh siad le feasacht a ardú maidir le spriocanna an phróisis pleanála teanga agus caidrimh a chothú le spriocgrúpaí faoi leith sa phobal, ar nós Comórtas Reatha na Gaeltachta, Maratón na dTeaghla, #SeoÍAnGhaeltacht, Rotháí na Gaeltachta, Oícheanta Airneáin, agus an Lá Náisiúnta Filíochta. Reáchtáil na hOifigigh Pleanála Teanga feachtas ag impí ar an Stát agus ar an Rialtas seirbhísí Stáit as Gaeilge sa Ghaeltacht a chinntí i reachtaíocht a bhí á dhréachtú le linn na bliana agus atá anois síntre ag Uachtaráin na hÉireann, Micheál D. Ó hUigínn. Cuirfidh an reachtaíocht nua seo, Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 (atá mar threisiú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003) go mór le caighdeán na seirbhísí i nGaeilge a chuireann comhlachtaí Stáit ar fáil don phobal amach anseo.

were employed and tasked with implementing these plans in their language planning areas. The implementation of these language plans involved a total investment of €2.2m.

### Implementation of language plans during 2021

For the second year in a row, the restrictions introduced as a result of COVID-19 affected the work programmes and activities planned by the lead language planning organisations as part of the implementation of their language plans during 2021.

That said, the lead organisations managed to organise many activities that aimed to foster and encourage the use of Irish in their communities. Campaigns and virtual events were organised which focused on creating linkages, ties and regular communication with their communities. These helped to raise awareness of the goals of the language planning process and to build relationships with specific target groups in the community, such as the Comórtas Reatha na Gaeltachta, Maratón na dTeaghla, #SeoÍAnGhaeltacht, Rotháí na Gaeltachta, Oícheanta Airneáin, and National Poetry Day.

The Language Planning Officers organised a campaign calling on the State and the Government to ensure State services in Irish in the Gaeltacht were provided for in legislation that was being drafted during the year and has now been signed by the President of Ireland, Michael D. Higgins. This new legislation, the Official Languages (Amendment) Act 2021 (which reinforces the Official Languages Act 2003) will greatly enhance the quality of

Le linn na bliana aontaíodh ar chur chuige le ceangal níos dlúithe a chothú idir an próiseas pleanála teanga agus pobal na scoileanna atá ar fud na Gaeltachta. De réir mar atá leagtha amach in Acht na Gaeltachta 2012, tá ranpháirtíocht na scoile sa phróiseas pleanála teanga an-tábhachtach chun úsáid na Gaeilge a mhéadú sa phobal áitiúil agus dá réir, tá comhoibriú idir na scoileanna agus na ceanneagraíochtaí pleanála teanga áitiúla sa Ghaeltacht an-tábhachtach chun tacú le feidhmiú na bpleananna teanga áitiúla sna LPT/BSG. Mar chuid den chur chuige seo iarrtar ar na hOifigigh Pleanála Teanga teaghlaí a dhéanamh agus a choinneáil le príomhoide na scoile le heolas ábhartha a roinnt agus gníomhaíochtaí éagsúla a bheadh dírithe ar úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i measc phobal na scoile a phlé agus a aontú. Is céim eile é seo i dtreo rathúlacht an phróisis pleanála teanga a neartú.

### Pleananna teanga i gcliantchomhlachtaí

Aontáodh pleananna teanga agus rinneadh athbhreithniú ar phleananna teanga i 42 cliantchomhlachta le linn 2021. Anuas air sin, fuair 41 gnó tacáiocht faoin Scéim Trádála Ar Líne agus d'éirigh leis an tÚdarás dul i bhfeidhm ar na gnótháí sin maidir le breis Gaeilge a úsáid ar a gcuid ardáin ar líne.

### Gníomhaíochtaí Cothaithe Teanga

Cuireann an tÚdarás tacáiocht ar fáil d'eagraíochtaí le deiseanna foghlama agus úsáide Gaeilge a chur ar fáil do dhaoiné ar fud na Gaeltachta in ionaid éagsúla. Thacaigh an tÚdarás le ranganna Gaeilge ar fhreastail 230 duine

services in Irish provided by State bodies to the public in the future.

During the year an approach was agreed to foster closer ties between the language planning process and the schools throughout the Gaeltacht. As set out in the Gaeltacht Act 2012, participation of schools in the language planning process is very important, in order to increase the use of Irish in the local community. Accordingly, co-operation between the schools and the local language planning organisations in the Gaeltacht is very important to support the implementation of the local language plans in the LPAs/GSTs. As part of this approach, the Language Planning Officers are asked to engage with the school principal to share relevant information and to discuss and agree on various activities aimed at promoting the use of Irish in the school community. This is another step towards strengthening the success of the language planning process.

### Irish Language Plans in Client Companies

New language plans were agreed, and existing plans were renewed in 42 client companies during 2021. In addition, under the Online Trading Scheme, assistance was approved to 41 businesses, where tÚdarás na Gaeltachta helped companies to increase their use of Irish on their online platforms.

### Language Support Activities

tÚdarás na Gaeltachta provides organisations with the support to offer people throughout the various Gaeltacht

orthu le linn 2021. Reáchtáladh roinnt mhaith ranganna Gaeilge ar líne le linn na bliana de bharr shrianta COVID-19 agus meastar go leanfaidh an treoht seo ar aghaidh, fiú tar éis na paindéime.

### Comhar Naónraí na Gaeltachta CTR.

Is é Comhar Naónraí na Gaeltachta CTR. (CNNG) an eagraíocht is mó sa tír a chuireann seirbhísí luathbhlianta ar fáil, i mBéalra nó i nGaeilge, bíodh sin poiblí nó príobháideach. Tá CNNG ag feidhmiú i ngach ceantar Gaeltachta sa tir agus oibríonn an eagraíocht as lámha a chéile leis na pobail Ghaeltachta.

Is struchtúr neamhspleách é Comhar Naónraí na Gaeltachta a fhaigheann maoiniú ó tÚdarás na Gaeltachta chun seirbhísí bainistíochta agus riarracháin a chur ar fáil do na seirbhísí luathbhlianta Gaeltachta atá ag feidhmiú trí Ghaeilge sa nGaeltacht. Cuireann an Roinn Leanaí agus Gnótháí Oige, chomh maith leis an An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, maoiniú ar fáil faoi na scímeanna éagsúla luathbhlianta.

Le linn 2021 bhí 1,768 páiste ag freastal ar 112 seirbhísí luathbhlianta atá faoi scáth Chomhar Naónraí na Gaeltachta, sin ardú de dhá sheirbhís agus ardú de 141 páiste ón mbláin roimhe, agus seirbhísí ag teacht chucu féin arís tar éis an laghdú a tháinig ar lón na bpáistí a bhí ag freastal de bharr an phaindéim COVID-19.

areas an opportunity to learn and use the Irish language. In 2021, An tÚdarás supported Irish language courses which were attended by 230 people. Many Irish language classes were conducted online as a result of COVID-19 restrictions, and it is expected that this trend will continue even after the pandemic.

### Comhar Naónraí na Gaeltachta CTR.

Comhar Naónraí na Gaeltachta CTR. (CNNG) is the largest organisation, public or private, in the country providing early years services through Irish or English. CNNG operates in each Gaeltacht area in the country and the organisation works hand in hand with the Gaeltacht communities.

Comhar Naónraí na Gaeltachta is an independent company funded by tÚdarás na Gaeltachta to provide a management and administration service to Gaeltacht early years services functioning through Irish in the Gaeltacht. The Department of Children and Youth Affairs as well as the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media provide funding for the various early childhood schemes.

In 2021, some 1,768 children were attending 112 early years services under the auspices of Comhar Naónraí na Gaeltachta, an increase of 2 services compared to the previous year and an increase of 141 children on the previous year, as services continued to recover following the difficulties of the COVID-19 pandemic.

Fostaíonn CNNG na múinteoirí luathbhlianta atá faoina chúram. Bhí 143 duine fostaithe ag an gcomhlacht sa nGaeltacht in 2021.

Cheadaigh Údarás na Gaeltachta maoiniú de €590,000 do Chomhar Naónraí na Gaeltachta CTR. in 2021.

#### Muintearas Teo.

Fochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta is ea Muintearas Teo. a fhagheann maoiniú chun cuspóirí áirithe forbartha oideachais, teanga, óige agus pobail a bhaint amach. Áirítear na réimsí seo a leanas mar phríomhréimsí oibre an chomhlachta: luathfhobairt an linbh, an réimse oideachais, an óige, cúrsáí nuatheicneolaíochta, cumarsáid agus oideachas fadsaoil pobail. I gcomhar leis an Údarás, cuireann an Roinn Oideachais, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, SOLAS agus POBAL foinsí maoinithe eile ar fáil do réimsí éagsúla tionscadail atá ar siúl acu.

Chuir Údarás na Gaeltachta maoiniú de €690,000 ar fáil do Mhuintearas Teo. in 2021. Tacaíonn Muintearas Teo. le clubanna óige a reáchtáil ar fud na Gaeltachta. Le linn 2021, bhí 42 club óige dhá reáchtáil ag Muintearas ar fud na Gaeltachta. Déanann Muintearas Teo. comhordú ar 'Scéim na gCampaí Samhraidh' ar son na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Údarás na Gaeltachta. Seachadann an comhlacht 'Scéim na gCúntóirí Teanga' i scoileanna Gaeltachta, i gcontaetha na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Dhún na nGall agus na Mí ar son na Roinne Turasóireachta, Cultúir,

CNNG employs early years teachers in the services under its remit. 143 people were employed by the company in the Gaeltacht in 2021.

Údarás na Gaeltachta approved €590,000 in funding for Comhar Naónraí na Gaeltachta CTR. in 2021.

#### Muintearas Teo.

Muintearas Teo, a subsidiary company of Údarás na Gaeltachta, is funded to promote certain educational, language, youth and community development objectives. The company's primary fields of work include the following: early childhood development, education, youth work, modern technology courses, communication and lifelong community education. In co-operation with Údarás na Gaeltachta, Muintearas Teo. also receives other sources of funding from the Department of Education, the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, SOLAS and POBAL for various initiatives it administers.

Údarás na Gaeltachta approved €690,000 in funding to Muintearas Teo in 2021. Muintearas Teo. supports the running of youth clubs throughout the Gaeltacht. During 2021, Muintearas were overseeing 42 youth clubs throughout the Gaeltacht. Muintearas Teo. coordinates 'Scéim na gCampaí Samhraidh' (Summer Camps Scheme) on behalf of the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and Údarás na Gaeltachta. It also administers 'Scéim na gCúntóirí Teanga' (Language Assistants' Scheme) in Gaeltacht schools in counties

Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Sa mbliain 2021, bhí 87 Cúntóir Teanga fostaithe agus an Scéim ag freastal ar 107 scoil.

Reáchtálann Muintearas Teo. naíolanna i nGaoth Dobhair agus i dTír an Fhia, agus cuireann sé seirbhísí cúram iarscoile ar fáil sna hionaid sin chomh maith.

In 2021, bhí 47 duine fostaithe ag an gcomhlacht sa nGaeltacht.

## Oideachas agus Oiliúint

#### Clár na gComhlachtaí –Cruthú fiontraíochta i measc ghluín óg na Gaeltachta

Cártaí Feasa as Pobalscoil Chorca Dhuibhne, i gCiarraí, a bhuaigh Craobh Náisiúnta Chlár na gComhlachtaí Údarás na Gaeltachta 2021 a reáchtáladh ar líne i mí na Bealtaine seo caite. Seo é an tríú bliain ag foireann bhuacach as Éirinn a bheith san iomaiocht i gCraobh na hEorpa den Chomórtas. Ghlac 750 dalta idirbhliana as gach contae Gaeltachta páirt sa gclár a bhfuil sé mar aidhm aige spiorad na fiontraíochta a chothú i measc an aosa óig.

#### Scéim Scoláireachta do Phrintísgigh

De bharr COVID-19, ba bliain dhúshláinach a bhí ann ó thaobh printíseachtaí de. Sin ráite tháinig ardú ar líon na n-iarrthóirí ar an scéim agus bhí 35 printíseach nua cláraithe ar scéim an Údarás faoi dheireadh 2021.

Galway, Mayo, Donegal and Meath on behalf of the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media. In 2021 Muintearas Teo employed 87 Cúntóir Teanga and the scheme was active in 107 schools.

Muintearas Teo. operates crèches in Gaoth Dobhair and Tír an Fhia, and also provides afterschool services in these centres.

In 2021, 47 people were employed by the company in the Gaeltacht.

## Education and Training

#### Clár na gComhlachtaí –Enterprise creation among the Gaeltacht's young generation

Cártaí Feasa from Pobalscoil Chorca Dhuibhne, in Kerry, won Údarás na Gaeltachta's Clár na gComhlachtaí National Final 2021, which was held online last May. This was the third year an Irish winning team competed in the European Championships. 750 transition year students from each Gaeltacht county participated in the programme, which aims to foster entrepreneurship among young people.

#### Apprentice Scholarship Scheme

Due to COVID-19, it was a challenging year for apprenticeships. However, the number of applicants for the scheme increased with 35 new apprentices registered on the Údarás scheme by the end of 2021.

#### Comhpháirtíocht le TG4

Ba é 2021 an dara bliain den Scéim Oiliúna sna Meáin Dhigiteacha agus roghnaíodh deich gcomhlacht as an nua le bheith páirteach ann. Tríd an scéim bíonn oifigigh faoi oiliúint i réimsí éagsúla den phróiseas léirithe in oriúint do gach comhlacht faoi leith. D'fhreastail na rannpháirtithe ar chúrsa sainspéisí a reáchtáil IT na Gaillimhe – Maigh Eo (ITGME).

Cuireadh ciste maoinithe forbartha ar fáil le stiúrthóirí, léiritheoirí agus scríbhneoirí a mhealladh le hábhar gearrffhoirme a chruthú trí mheán na Gaeilge dar teideal Glúin Nua. Comhpháirtíocht é seo idir TG4, Ciste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann (ILBF), Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus Údarás na Gaeltachta le tacaíocht ó Ghréasán na Meán.

#### Cúrsaí Oiliúna

Tá deiseanna forbartha á n-aithint go leanúnach i gcomhar le hinstiúidí tríu leibhéal agus Boird Oideachais agus Oiliúna a rachaidh chun sochair do phobal na Gaeltachta agus in 2021 leanadh leis an gcómhaoiniú ar scoláireachtaí taighde iar-chéime le hOllscoil na hÉireann Gaillimh, ITGME, Ollscoil na Mumhan (Trá Lí) agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

Leanadh le maoiniú an Ard-Diplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán atá á riadar ag ITGME i gcomhpháirt le Europus Teo. agus an Ard-Diplóma i Léiriú Teiliúise agus na Meán Digiteach le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge i gcomhar le Nemeton Teo.

#### Partnership with TG4

2021 was the second year of the Digital Media Training Scheme and ten new companies were selected to participate. Through the scheme, trainee officers in different areas of the production process are offered bespoke tuition tailored to the needs of their organisation. Participants attended a specialist course run by Galway Mayo IT (GMIT).

A development fund, called Glúin Nua, was provided to attract directors, producers and writers to create short-form material through the medium of Irish. This is a partnership between TG4, Northern Ireland Irish Language Broadcast Fund (ILBF), the Broadcasting Authority of Ireland (BAI) and Údarás na Gaeltachta with support from Gréasán na Meán.

#### Training Courses

Opportunities for courses in conjunction with third level institutions and Education and Training Boards which will benefit the Gaeltacht community are frequently availed of and in 2021 the cofunding of post-graduate research scholarships continued with NUI Galway, GMIT, Munster University (Tralee) and Waterford Institute of Technology.

Funding of the Higher Diploma in Applied Irish and Translation which is administered by GMIT in partnership with Europus Teo., continued as did the Higher Diploma in Television Production and Digital Media in Waterford Institute of Technology in conjunction with Nemeton Teo.

#### Scéim na gCéimithe

Tréimhse dhá bhliain a bhíonn i gceist faoin scéim seo a thugann deis do chéimithe seal a chaitheamh i gcomhlacht Gaeltachta le cur lena gcuid scileanna agus taithí a fháil in earnáil ar leith. Tá túis áite á thabhairt do na hearnálacha mara, seirbhísí forbartha teanga agus an aistriúcháin, déantúsaíochta nideoige agus an fhuinnimh in-athnuaithe.

#### Os cionn 1,000 fostaithe ar Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 1,014 rannpháirtí agus 49 saoiste fostaithe ar 47 scéim ar fud na Gaeltachta in 2021. Tá ról agus tionchar tábhachtach ag na scéimeanna fostaíochta sóisialta (Scéim Fostaíochta Pobail, Scéim Shóisialta Tuaithé & Scéim TÚS), atá á mbainistiú ag an Údarás, maoinithe ag an Roinn Coimice Sóisialá, ag cur taithí oibre agus oiliúint ar fáil do phobal na Gaeltachta.

Lean na scéimeanna fostaíochta sóisialta ag cur tacáochta ríthábhachtach ar fáil do phobal na Gaeltachta i rith na paindéime COVID-19 ag tacú le bunseirbhísí riachtanacha a chur ar fáil do dhaoine agus ag cruthú naisc riachtanacha sna pobail.

#### Tográi Eorpacha

Tá ocht gcinn de thograí Eorpacha á gcur i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta le roinnt blianta anuas ar mhaithle le cúrsaí fuinnimh in-athnuaithe, athrú aeráide, acmhainn bia mara agus acmhainní fuinnimh a forbairt sa nGaeltacht.

#### Graduate Scheme

This scheme takes place over a two-year period and provides graduates with the opportunity to spend time in a Gaeltacht company to enhance their skills and gain experience in a particular sector. At present, preference is given to the marine, language development and translation services, niche manufacturing and renewable energies sectors.

#### Over 1,000 employees on Social Employment Schemes

There were 1,014 participants and 49 supervisors employed on 47 schemes throughout the Gaeltacht in 2021. The social employment schemes (Community Employment Scheme, Rural Social Scheme & TÚS Scheme), which are managed by Údarás na Gaeltachta are funded by the Department of Social Protection and have an important role and impact, providing work experience and training to Gaeltacht communities.

The social employment schemes continued to provide vital assistance to Gaeltacht communities during the COVID-19 pandemic, supporting the provision of essential basic services to people and creating important connections in the communities.

#### European Projects

Údarás na Gaeltachta has been implementing eight European projects for several years, focussing on renewable energy, climate change, seafood resource and energy resources in the Gaeltacht. The SAFER, Access2Sea, SW-GROW agus EMPORIA4KT relate to value-added marine and blue economy projects.

Baineann na tograí SAFER, Access2Sea, SW-GROW agus EMPORIA4KT le tograí breislúacha mara agus an geilleagar gorm agus tá na tograí RegEnergy agus REACT ag plé le fuinneamh in-athnuaithe. Tiocfaidh an togra Digi2Market chun críche in 2022 agus cabhróidh an togra le 50 comhlacht a gcuid margáiochta agus díolacháin a fhorbairt ag úsáid teicneolaíochta thumthach.

## Forbairt Pobail

Tá an tAonad Forbartha Pobail bunaithe chun comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do na heagrais forbartha pobail chun cuidiú leo a gcuid spriocanna forbartha a bhaint amach ar mhaithé le pobal na Gaeltachta.

Chuir an Scéim Deontas Réachtála, atá á feidhmiú ag Údarás na Gaeltachta, maioniú de €2,816,000 ar fáil do 33 eagrás pobail (comharchumainn agus comhlachtaí pobalbhunaithe) sa nGaeltacht. Tá plean oibre ag gach eagraíocht agus aontaítear spriocanna sonracha leis an Údarás mar chuid den chomhaontú maoinithe bhliantúil. Cuireann na heagrais pobalbhunaithe deiseanna fostáiochta ar fáil go háitiúil agus tá 71 duine fostaithe go lánaimseartha agus 56 go páirtaimseartha go díreach ag na heagrais féin. Tá ról tábhachtach ag na heagrais i bhforbairt tuaithe agus ag cur tionscnaimh agus seirbhísí pobail chun cinn.

I rith na bliana 2021, cuireadh an Clár Fiontraíochta Sóisialta Gaeltachta ar fáil. Clár saincheaptha, solúbtha oiliúna agus meantóireachta fiontraíochta sóisialta a

The RegEnergy and REACT projects relate to renewable energy. The Digi2Market project will conclude in 2022 having enabled 50 companies to utilise immersive technologies in growing their marketing and sales projects using immersive technology.

## Community Development

The Community Development Unit has been established to provide advice and support to community development organisations to help them achieve their development goals for the benefit of the Gaeltacht community.

The Executive Grant Scheme, which is operated by Údarás na Gaeltachta, provided funding of €2,816,000 to 33 community organisations (cooperatives and community-based bodies) in the Gaeltacht. Each organisation has a work plan and specific targets are agreed with An tÚdarás as part of the annual funding agreement. The community-based organisations provide employment opportunities locally and 71 people are employed full-time and 56 part-time directly by the organisations themselves. The organisations play an important role in rural development and promoting community initiatives and services.

During the year 2021, the Gaeltacht Social Enterprise Programme was made available. This was a bespoke, flexible social enterprise training and mentoring programme aimed at the organisations wishing to increase their business development skills, explore new trading opportunities, build networks and explore potential areas

bhí dírithe ar na heagrais a bhí i gceist chun a scileanna forbartha gnó a mhéadú, iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna nua trádála, lónraí a thógáil agus iniúchadh a dhéanamh ar réimsí féideartha fáis na fiontraíochta sóisialta in 2021. Ghlac 96 rannpháirtí in iomláine páirt in imeachtaí an chláir. Mar chuid den Chlár Fiontraíochta Sóisialta Gaeltachta cuireadh buiséad de €179,000 ar fáil, a bhí dírithe go sonrach ar thograí nuálacha le béim ach go háirithe ar na réimsí turasóireachta, fiontraíochta, agus forbairt acmhainní nádúrtha. Bhain 18 eagrás forbartha ar fud na Gaeltachta tairbhe as an scéim seo in 2021.

### Scéim Fiontar Pobail

Cuireadh maioniú €39,300 ar fáil tríd an Scéim Fiontar Pobail do 24 eagraíocht/coiste pobail chun cuidiú leo gníomhaíochtaí forbartha pobail a chur chun cinn agus chun oiliúint a chur ar fáil dóibh le tacú leo pleannanna forbartha a ullmhú.

### Clár LEADER

Tá ról ag Údarás na Gaeltachta i bhfeidhmiú an chláir LEADER i nGaeltacht Dhún na nGall agus i nGaeltacht Mhúscrai. Tá Údarás na Gaeltachta ar cheann de cheithre chompháirtí faoi Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) Dhún na nGall agus Mhúscrai atá freagrach as feidhmiú Chlár LEADER sna Gaeltachtaí sin ar son an Ghrúpa Forbartha Áitiúil (LAG). Tá riadarbh agus feidhmiú an chláir i nGaeltacht Dhún na nGall (seachas ar na hoileáin Gaeltachta atá faoi chúram Chomhar na nOileán) agus i nGaeltacht Mhúscrai faoi chúram Údarás na Gaeltachta.

of social enterprise growth. A total of 96 participants took part in the programme's events. As part of the Gaeltacht Social Enterprise Programme, a budget of €179,000 was made available, which was specifically aimed at innovative proposals with particular emphasis on the areas of tourism, entrepreneurship, and natural resource development. 18 development organisations throughout the Gaeltacht benefited from this scheme in 2021.

### Community Enterprise Scheme

Funding of €39,300 was made available through the Community Enterprise Scheme to 24 community organisations/committees to help them promote community development activities and to provide them with training to support them in preparing development plans.

### The LEADER Programme

Údarás na Gaeltachta plays a role in the implementation of the LEADER program in the Donegal Gaeltacht and Múscrai Gaeltacht. Údarás na Gaeltachta is one of four partners under the Donegal and Múscrai Local Community Development Committee (LCDC) which is responsible for the implementation of the LEADER Program in those Gaeltacht areas on behalf of the Local Development Group (LAG). The administration and operation of the program in the Gaeltacht of Donegal (apart from the Gaeltacht islands which are under the care of Comhar na nOileán) and in the Gaeltacht of Múscrai is under the auspices of Údarás na Gaeltachta.

Tá clár LEADER oscailte do ghrúpaí deonacha, do dhaoine aonair, tionscnaimh phríobháideacha agus phobail, agus fiontaír bheaga agus mheánmhéide. Tá an clár dírithe ar thionscadail arb é a n-aidhm caighdeán maireachtála agus deiseanna eacnamaíochta a chur chun cinn ar mhaithé le leas bhunadh nó phobal Ghaochtach Dhún na nGall/Mhúscrai faoi chreatlach na Straitéis Forbartha Áitiúla atá faoaf.

Cuireadh túis le Clár Idir-thréimhse LEADER (2021-2022) a fheidhmiú i nGaeltacht Dhún na nGall ar an móthír ag Údarás na Gaeltachta agus ar oiléain Ghaochtach ag Comhar na nOileán. Ceadaíodh 10 dtogra faoin gclár in 2021 le deontais €296,195 in iomláine (ar infheistíocht iomlán €405,186).

### Daoine Scothaosta

Cuireadh tacaíocht ar fáil, trí na scéimeanna fostáiochta, d'ionaid lae chun tacú leo seirbhísí breise a sholáthar don aosach mar chuid de pholasáí forbartha sóisialta agus caomhnaithe teanga na heagraíochta. Reáchtáladh réimse cursaí i gcúram aosaigh i gcompháirtíocht le Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte.

## Na hEalaíona

Déanann Údarás na Gaeltachta agus an Chomhairle Ealaíon cómhaoiniú ar chlár forbartha agus cothaithe na n-ealaíon traidisiúnta agus comhaimseartha tríd an bhfochuideachta Ealaín (na Gaeltachta) Teo. Cheadaigh Údarás na

The LEADER programme is open to voluntary groups, individuals, private and community initiatives, and small and medium-sized enterprises. The program is focused on projects whose aim is to promote living standards and economic opportunities for the benefit of the Donegal Gaeltacht/Múscrai community or community under the framework of the approved Local Development Strategy.

The administration of the LEADER Transition Programme (2021-2022) in the Donegal Gaeltacht was operated by Údarás na Gaeltachta on the mainland and on Gaeltacht islands by Comhar na nOileán. 10 projects were approved under the programme in 2021 with grants totalling €296,195 (a total investment of €405,186).

### The Elderly

Support was provided, through the employment schemes, to day centres to support them in providing additional services to the elderly as part of the social development and language conservation policy of the organisation. A range of courses in aged care were held in partnership with the Health Service Executive.

## The Arts

Údarás na Gaeltachta and the Arts Council jointly fund a development and maintenance programme of traditional and contemporary arts through the subsidiary company Ealaín (na Gaeltachta) Teo. Údarás na Gaeltachta approved funding of €410,000 to Ealaín (na Gaeltachta) Teo. in 2021. The company employs three regional arts facilitators who implement the programme along with two staff members

Gaeltachta maioniú de €410,000 d'Ealaín (na Gaeltachta) Teo. i dtreo clár an chomhlachta in 2021. Tá triú Áiséitheoir réigiúnach fostaithe ag an gcomhlacht leis an gclár seo a chur i bhfeidhm in éineacht le beirt bhallaí foirne ag plé le clár Cuisle, clár sna hEalaíon Dúchasacha agus Drámaíocht don Óige, a mhaioniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán ó 2019 ar aghaidh. Tá an t-eolas uile le fáil ag [www.ealain.ie](http://www.ealain.ie).

### Buaiceanna 2021:

Reáchtáladh scéimeanna éagsúla tacaíochta do na healaíona sna Gaeltachtaí le linn 2021, ina measc:

- Scéim Cothú - Ceadaíodh €205,000 i dtacaíocht do 5 thogra straitéiseach faoin scéim seo.
- Scéim na bhFéilte - Cuireadh tacaíocht ar fáil do 18 féile ealaíon Gaeltachta in 2021 le buiséad iomlán de €96,200.
- Scéim Sparánachta d'Ealaíontóirí – Ceadaíodh €288,000 i dtacaíocht do 44 ealaíontóir ó 49 iarratas a fuarthas faoi Scéim Sparánachta d'Ealaíontóirí.
- Scéim Síol - Cuireadh tacaíocht ar fáil do 46 iarratasóir mionthionscadail in 2021 le buiséad iomlán de €32,570.
- Scéim Forbartha na nEalaíon - Ceadaíodh €170,000 do 16 togra straitéiseach ilghnéitheach ealaíona.

who implement the Cuisle programme, a Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media funded Traditional Arts for Youth programme, which commenced in 2019. Full information on the company's goals and objectives is available at [www.ealain.ie](http://www.ealain.ie).

### 2021 Highlights

Various support schemes were administered for the arts in the Gaeltacht during 2021, including:

- Cothú Scheme - Support was awarded to the 5 strategic projects in 2021 and amounted to a total budget of €205,000.
- Festivals Scheme - Support was provided for 18 Gaeltacht arts festivals in 2021 amounting to a total budget of €96,200.
- Bursary Scheme for Artists – €288,000 funding was secured which meant assistance was provided to 44 artists out of 49 applications.
- Síol Scheme – Support was provided to 46 applicants amounting to a total budget of €32,570 in 2021.
- Arts Project Development Scheme - €170,000 was approved for 16 strategic multi-arts projects.

**Cuisle: Clár sna hEalaón Dúchasacha don Óige**

Chuir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltacht, Spóirt agus Meán, €1.275m ar fáil d'Ealaín (na Gaeltachta) Teo. do thréimhse trí bliana 2020-2022, chun tacú le clár gníomhaíochtaí trí bhliana na healaíona traidisiúnta do dhaoine óga i nGaeltacht na Gaillimhe.

Cuireadh gníomhaíochtaí an chlár Cuisle ar fáil ar líne ag túis na bliana 2021 de bharr srianta COVID-19. Cuireadh túis le ranganna beo arís i mí Mean Fómhair 2021 agus d'fhreastal 1,634 rannpháirtithe ar ranganna le linn an téarma.

**Cuisle: Youth Arts Programme**

The Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media awarded Ealaín (na Gaeltachta) Teo with €1.275m to assist the organisation in promoting its 3-year programme 2020-2022 of activities in traditional arts for youths throughout Galway Gaeltacht.

These classes were provided online from the beginning of 2021 due to ongoing COVID-19 restrictions. However, in September 2021, in-person classes resumed, and 1,634 young people participated in classes in the Gaeltacht during the period until the end of the year.



Among the schemes approved for funding through Cuisle were:

- Treisiú Scheme: Applications, not exceeding €10,000, were sought for once-off arts events for young people. Two applications were accepted and received funding of €19,500
- Neartú Scheme: Support was approved for three Gaeltacht projects to continue with their music and singing classes with a total budget of €39,395
- Nótá Scheme: Support was approved for organisations to create opportunities for young people in the traditional arts outside of normal classes with an investment of €7,050

I measc na scéimeanna a reáchtáladh le linn na bliana bhí siad seo a leanas:

- Scéim "Treisiú": Fáiltíodh roimh iarratas chun imeachtaí ealaíne aon uaire a fhorbairt do dhaoine óga suas le €10,000. Ceadaíodh 2 iarratas faoin scéim seo le luach €19,500
- Scéim "Neartú": Tugadh maoiniú do 3 eagras Gaeltachta le leanúint lena gclár ceoil agus amhránaíocht agus an healaíon béal le hiomlán infheistíocht de €39,395
- Scéim "Nótá": Tugadh maoiniú ar mhaithle le breis deiseanna don óige sna healaíona dúchasacha a fhorbairt taobh amuigh den gnáth chlár ranganna, le hinfheistíocht iomlán de €7,050

**Clár Drámaíochta don Óige sa Ghaeltacht**

I mí Mheithreamh 2021 chur Ealaín (na Gaeltachta) Teo iarratas faoi bhráid an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltacht, Spóirt agus Meán maidir le sholáthar a dhéanamh ar thionscnamh drámaíochta phíolótach don óige ar fud na Gaeltachta agus ar an bhunús sin cheadaigh an Roinn allúntas, ar fíu €150,000 ina leith. Cuireadh túis le taighde agus iniúchadh ar na gníomhaíochtaí agus na hacmhainní atá sa Ghaeltacht agus rinneadh scrúdú ar an na cleachtais is fearr atá i bhfeidhm go náisiúnta agus go h-idirnáisiúnta.

**Dath an Dóchais**

Agus Údarás na Gaeltachta ag comóradh daichead bliain ar an bhfód, chuaigh sé i gcomhpháirtíocht le hEalaín (na Gaeltachta) Teo chun na hamharc-ealaíona sa Ghaeltacht, le linn na tréimhse sin, a cheiliúradh. Seoladh an taispeántas, Dath an Dóchais, le 40 ealaíontóir Gaeltachta, faoi choimeád foireann ag An Gailearaí, Gaoth Dobhair, ar líne [www.DathanDochais.com](http://www.DathanDochais.com) i mí Bealtaine 2021.

**Oíche Chultúir**

Déanann Ealaín (na Gaeltachta) Teo. bainistiú ar chlár Oíche Chultúir sa Ghaeltacht i mí Mheán Fómhair chuile bhláin. Le tacaíocht óna hOifigigh Pleanála Teanga agus an phobal ealaíona d'éirigh le hEalaín (na Gaeltachta) Teo breis is 30 imeacht a reáchtáil; beo agus go fíorúil i 2021. Bhí deis againn comhoibriú le TG4 arís le clár ealaíona 'Oíche Chultúir sa Ghaeltacht' a chur i láthair ar an oíche.

**Drama Programme for Gaeltacht Youth**

In June 2021, Ealaín (na Gaeltachta) Teo made a submission to the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport, and Media for funding towards a pilot drama project for young people in the Gaeltacht. The Department provided funding of €150,000. Research was conducted into the activities and resources already available in the Gaeltacht and best practice nationally and internationally.

**Dath an Dóchais**

To commemorate 40 years since the establishment of Údarás na Gaeltachta, an tÚdarás partnered with Ealaín na Gaeltachta to celebrate the development of the visual arts during that period. The exhibition Dath an Dóchais, featuring 40 Gaeltacht artists and curated by the team of An Gailearaí, Gaoth Dobhair was launched online in May 2021 at [www.DathanDochais.com](http://www.DathanDochais.com)

**Culture Night/Oíche Chultúir**

In September each year, Ealaín (na Gaeltachta) Teo oversees Oíche Chultúir in the Gaeltacht; in 2021, Ealaín (na Gaeltachta) Teo supported over 30 events, both in-person and online, with the support of the Language Planning Officers and the local arts' community. Once again, we collaborated with TG4 on the arts programme 'Oíche Chultúir sa Ghaeltacht' which aired that night.

**Eile**

Lean Ealaín (na Gaeltachta) Teo lena gcomhpháirtíocht le heagrais idirnáisiúnta, a mhacasamhail Centre Culturel Irlandais i bpáras chun tréimhse cónaitheach a chur ar fáil d'ealaíontóir Gaeltachta agus obair leanúnach atá ar siúl leis na Comharsain Ceilteach chun nascanna a chruthú le réigiún ar fud na hEorpa atá teanga dá gcuid féin á labhairt i measc an phobail iontu.

Lean siad ag déanamh forbairt ar a gcóras cumarsáide chun obair na heagraise agus na hearnála a chur chun cinn agus chun eolas a roinnt agus a chur ar fáil don earnáil. Rinneadh é seo tríd ár ardán shóisialta agus tríd nuachtlitir míosúil a dháileadh a chlúdaíonn eolas faoi deiseanna, imeachtaí, acmhainní ealaíona agus go leor eile.

**More**

Ealaín (na Gaeltachta) Teo continued with their collaboration with various international organisations, such as the Centre Culturel Irlandais in Paris which provided a Gaeltacht artist with a position as an artist in residence. They continued to work with our Celtic neighbours and creating connections around Europe with regions which are home to indigenous minority languages.

They also continued to communicate the work of the organisation and the message of the arts more generally to as wide an audience as possible. This was done through, social media and a monthly newsletter which disseminates information about opportunities, events, arts resources and more besides.



Údarás na  
Gaeltachta

Eagraíocht agus Seirbhísí  
Organisation and Services



## Eagraíocht agus Seirbhísí

### Rialachas Corparáideach

Is comhlacht corporaithe é Údarás na Gaeltachta arna bhunú ag an Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, agus feidhmíonn sé faoi shainchúram na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán de réir fhorálacha na nAchtanna um Údarás na Gaeltachta, 1979 go 2010, arna leasú ag Acht na Gaeltachta, 2012. Chomh maith lena chuid reachtaíochta rialaithe féin, tá dualgas ar an Údarás freisin cloí le raon de cheanglais reachtúla agus riartá eile de chuid an Stát agus an Aontais Eorpaigh.

### Foireann

Ag deireadh 2021 bhí 84 duine fostaithe go buan ag Údarás na Gaeltachta.

### Comhionannas

Tá Údarás na Gaeltachta tiomanta go hiomlán do pholasáí comhionannais deiseanna, agus tá gach post san eagraíocht ar oscailt d'fhir agus do mhná. Leanfar leis na scéimeanna atá ag an Údarás le roghanna a chur ar fáil don fhoireann i dtaca leis na riachtanais ghaarme agus phearsanta atá acu, nithe mar phostroinnt, sosanna gairme, saoire speisialta agus uaireanta laghdaithe oibre. Le linn na bliana 2021, bhain 13 ball foirne leas as na scéimeanna seo.

Laistigh de na constaicí a bhaineann le hearcú foirne sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne, déantar iarracht deiseanna

## Organisation and Services

### Corporate Governance

Údarás na Gaeltachta is a corporate body established by the Údarás na Gaeltachta Act, 1979, and operates under the aegis of the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media in accordance with the provisions of the Údarás na Gaeltachta Acts, 1979 to 2010, as amended by the Gaeltacht Act 2012. In addition to its own governing legislation, An tÚdarás is also required to comply with a range of other State and EU statutory and administrative requirements.

### Staff

At the end of 2021 there were 84 persons permanently employed in the organisation.

### Equality

Údarás na Gaeltachta is committed to a policy of equal opportunity and all positions within the organisation are open to both men and women. An tÚdarás continues to operate a number of schemes which provide staff with options in relation to meeting their career and personal needs, such as job sharing, career breaks, special leave and reduced working hours. During 2021, 13 members of staff availed of these schemes.

Within the constraints applying to the recruitment of staff in the Public Service in general, efforts are made to

fostaíochta oriúnacha a chur ar fáil do dhaointe faoi mhíchumas.

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Actica um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag Údarás na Gaeltachta agus táthar ag feidhmiú na socruithe cuí go leanúnach chun cosaint a thabhairt do shábháilteacht agus do shláinte na bhfostaithe agus na gcuairteoirí ar fad a bhíonn taobh istigh dá ionaid ghnó. Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar na Ráitis Sábháilteachta go leanúnach chun a chinntí go bhfuiltear ag cloí go hiomlán leis na forálacha atá san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Leanadh le hóiliúint a chur ar fáil don fhoireann i réimsí sábháilteachta agus sláinte le linn 2021 chun féachaint chuige go bhfuil an tÚdarás ag comhlíonadh na bhforálacha reachtúla.

### Oiliúint agus Forbairt na Foirne

Leanadh le forbairt agus oiliúint foirne in 2021. Rinne comhaltaí foirne freastal ar réimse leathan cúrsai i rith na bliana idir chúrsaí lae, chúrsaí dioplóma agus máistreachta i réimse leathan ábhar cuí a bhain le gnó, bainistíocht, dlí, pleáiní teanga, Gaeilge, airgeadas agus nuatheicneolaíochta.

### Clár um Chúram Cliant

I gcomhréir le dea-chleachtas sa tSeirbhís Phoiblí, tá glactha ag Údarás na Gaeltachta le Cód Cleachtas i dtaca le cúram cliant. Tá Cairt na gClient ar taispeáint agus ar fáil in oifigí

make suitable job opportunities available to people with disabilities.

### The Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005

